

AMHRÁN A' CHARRAIGÍN.

Gá mbeadh péire maidí rámha a'm is bad dhe mo chuid fhéin
Bheinn a bainnt a charraigín 's dá triomughadh leis a ngréin

Thabharfainn lucht go Gaillimh dhe le tiomáint ar a traéin
D'íochfainn cíós le Robinson is is brabach agam fhéin
'S gur labhair a grabaire mar bhain sé ó dhó fhéin
Phósfainn aon bhean carraigín dhá mbeinn gan bean go héug

Mar chaith mé an rabharta cheana leis agus chuaidh mé i gcontabhairt ghéar
'S mé fhéin a toirt gan tairbhe nuair a bhíonn sé meadhtha ó'n gcrane
Nach ait a rud é an carraigín adubhairt a bhean liom fhéin
'S fearr go mór ná an fheamainn's ná rud a bith faoi'n saoghal
'S ga mbeinn se an rabharta cheana leis is aire thabhairt dhom fhéin

Seúrd a dubhairt an tsean bhean a bhí blianta le cois céud
Ní fhacas tada dhe airgead ó tháinig a droch shaoghal
Ad cainnt ar charraigín is dheamhan fhios ainn céurd é

Feasta beidh tobac ainn air dhá gcaillfheadh leat na méar
'S gá mbeinn se an rabharta cheana leis is aire thabhairt dom fhéin
Cheannóchainn bróga 's mantle air 's naipicín dhá réir
Cheanóchainn caipín mantach platach a mbeadh cleite 'na dhá taobh

Cá fhios nach mbeadh fear eicint sa mbarántas a dearca orm é
Iorróchaid ar ar a gcarraigína ceannuigheadh dhom a gléas
Dá mbeadh fhios ag bainrioghan Shasana gur ar a carraigin a ceannuigheadh dhom a gléas
'S chuirigfheadh sí fhéin taxes ar chomh trom leis an Poor Rate.